Thacaigh an Coimisiún leis an Roinn ina comhairliúcháin ar leibhéal an AE. Lena chois sin, chabhraigh an Coimisiún leis an Roinn leis an mBille Cróinéirí a phorbairt chomh maith leis na rialacháin lena thrasuíomh ionas go gcríochnófaí an obair leis an Treoir Eorpach maidir le Sábhálteachta iarnróid 2004/49/CE a chur i ngníomh.

Treoir

Chun a neamhspleáchas a choinneáil ar bun, ní phorordaíonn an CSI conas gur chóir iarnróid a dhearadh agus a fheidhmiú. Soláthraimid treoir áfach do ghnóthais iarnróid agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile maidir le nádúr a bhfreagrachtaí agus conas a fhéadfai iad seo a chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtaí. Bíonn soláthar comhairle den sórt





sin bunriachtanach lena chinntíú go mbíonn gach páirtí, an CSI san áireamh, in ann a bhfreagrachaí ó thaobh na sábháilteachta a chomhlíonadh go héifeachtach agus leis an bpoitínseal le haghaidh tionchair aimhleasaigh ar ghníomhaíochtaí eile gnó a íoslachdú.

D'fhorbair muid 'Treoirínte maidir le Rothstoc Nua iarnróid Throm a Mheasúnú ó Thaobh na Sábháilteachta' i rith na bliana chun an treoir atá againn cheana féin, maidir le rothstoc a cheadú, a chomhlánú. Tá mionsonraí breise iontu seo maidir leis an méid a mbeadh muid ag súil le féachaint, in aighneacht faoi rothstoc nua a mheasúnú, faoin Acht. Foilseofar iad go luath in 2008.

Cuireann an tAcht dualgas cúram ghinearálta ar gach duine aird a thabhairt ar a shábháilteachta féin agus ar shábháilteachta daoine eile agus gníomhaíochtaí á ndéanamh ar nó in aice leis an iarnród. Chun a thaispeáint do pháirtithe seachtracha conas a d'fhéadfadh a gníomhaíochtaí éagsúla dul i bhfeidhm ar shábháilteachta na n-iarnród, táimid ag obair chun treoircháipéisí a tháirgeadh. Tá cuid mhaith de na cáipeáisí seo críochnaithe agus foilseofar iad go luath in 2008 freisin. Clúdóidh siad:

- pleánáil agus forbairt in aice leis an iarnród;
- ag maireachtáil, ag obair agus ag dul ar scoil in aice leis an iarnród;
- ag trasnú an iarnród ag droichead nó crosaire comhréidh;
- paisinéirí ar an iarnród;
- seirbhísí éigeandála.

AE/GIE

AE

Chabhraigh an Coimisiún leis an Roinn lompair ina comhairlúcháin leis an gComhairle maidir le foireann traenacha a dheimhniú, agus le hathbhreithnithe ar na Treoracha maidir le comh-inoibritheacht na n-iarnród agus an tsábháilteachta.

D'ullmhaigh an Coimisiún aighneachtaí le haghaidh athruithe ar na bunriachtanaí don tsábháilteachta ach go háirithe, agus chuir na rialacha náisiúnta sábháilteachta le chéile i bhformáid ar féidir a chur i láthair i mbunachar sonraí de chuid an AE. Chabhraigh sé leis na treoracha seo a chur i ngníomh agus leis na sonraíochtaí teicniúla a fhorbairt don chomh-inoibritheacht. Mar chuid den phróiseas seo, bhí ionadaíocht ag an gCoimisiún ag dhá chruinníú sa Bhruiséil in 2007.

GIE

Is é Gníomhaireacht iarnróid na hEorpa (GIE) an eagraíocht a bhfuil sé curtha de chúram uirthi beartais iarnróid an AE a chur i ngníomh go praiticiúil. Cé go leanann an CSI ar aghaidh le tacaíocht theicniúil a sholáthar le haghaidh ghníomhaíochtaí iarnróid AE na Roinne lompair, táimid níos fócasaithe ar a bheith ag glacadh párite i bhfóraim na GIE agus ag comhlíonadh na gceanglas gaolmhar maidir le faisnéis agus tuairisceoiracht.

Tá an Coimisiún comhdhéanta den Údarás Náisiúnta um Shábháilteachta agus den Chomhlacht Náisiúnta um Imscrúdú; sheachaid gach aonad a chéad thuarascáil bhliantúil éigeantach chuiig an nGIE ag deireadh Mheáin Fhómhair 2007.

Tá ionadaíocht ag an gCoimisiún faoi láthair ar an trí phríomhchomhlacht ar foráladh lena n-aghaidh sa Treoir maidir le Sábháilteachta iarnróid:

- Bord riacháin na GIE
- Lónra na nÚdarás Sábháilteachta Náisiúnta
- Lónra na gComhlactaí Náisiúnta Imscrúdúcháin

Soláthraíonn na lónraí seo sásra do chomhlactaí rialála agus imscrúdúcháin na mballstát, ag roinnt eolais agus taithí agus ag tacú leis an nGIE na struchtúir a fhorbairt trína ndéanfar amach comhchreatlach sábháilteachta iarnróid an AE.

Mar thacaíocht bhreise don obair seo, tá roinnt meithleacha de phríomhpháirtithe leasmhara curtha ar bun an nGIE ar a bhfuil ionadaíocht ag comhlacthaí rialála agus imscrúdúchán. Tá cùig bliana ar fáil dóibh agus is dá réir sin atá siad ag obair, agus iad á mbrú féin ar aghaidh le hamlínte sa Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid. Tá an n-obair critiúil ós rud é go soláthróidh na nithe a thiocfaidh dá barr, i bhfoirm mhodheolaíochtaí agus chaighdeán, slat tomhais ó thaobh na sábháilteachta d'iaranróid na mballstát. Fágann teorainneacha maidir le hacmhainní nach bhfuileamar in ann páirt chomh hiomlán a ghlacadh sna grúpaí seo agus ba mhian linn. Tá ár ranpháirteachas áirithe mar thosaíocht againn agus tá ionadaíocht againn ar na meithleacha sin ag forbairt:

- Comhtháscairí sábháilteachta
- Comhthargaidí sábháilteachta
- Modheolaíochtaí chun a rianú mar a chuirfear moltaí, de bharr imscrúdaithe ar theagmhais, i ngníomh.
- Rialacha Sábháilteachta Náisiúnta

Tá ceanncheathrú GIE i Valenciennes i dtuaisceart na Fraince ach, chun éascú le daoine teacht air, reáchtálann sé tromlach a cruinnithe i Lille. D'fhreastail baill ár bhfoirne ar thrí chruinníú is fiche den sórt sin san iomlán in 2007.

Ceardlann an AE

D'óstáil an Coimisiún, i gcomhar leis an Roinn Forbartha Réigiúnaí agus Gníomhaireacht Iarnróid na hEorpa, agus le tacaiocht na Roinne lompair, seimineár faisnéise maidir le reachtaíocht iarnróid na hEorpa i mí na Samhna i mBaile Átha Cliath. Cuireadh trí pháipéar i láthair 40 duine ón tionscal iarnróid.

Rialachas Corparáideach agus Riarachán

Réamhrá

Bhí 2007 ar an dara bliain oibriúchán don CSI. Bunaíodh go leor de na tascanna rialachais chorparáidigh aguss riarchán in 2006 agus leanamar ar aghaidh leis an bpróiseas seo in 2007. Faoi dheireadh 2007, ba é riadaradh an phárola an t-aon phróiseas nach raibh aistrithe chuig an gCSI go fóill.

Déanann an rialachas corparáideach na córais agus nósanna imeachta lena ndéantar fiontair a stiúradh agus a rialú. Maidir leis seo, treoráonn an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlacthaí Stáit, faoi mar a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais, an Coimisiún.

Airgeadas

Tá an CSI tiomanta do thrédhearcacht iomlán agus rialuithe éifeachtacha a choinneáil ar bun ar ár mbainistíocht airgeadais. Soláthraíonn an Roinn lompair ár maoiniúchán le Deontas-i-gCabhair. €2.09m a bhí i gceist leis an maoiniúchán seo in 2007. Cuireadh ár gcuntas i gcomhair 2006 faoi iniúchóireacht an Ard-Reactaire Cuntas agus Ciste agus cheadaigh sé iad i mí na Samhna 2007.

Acmhainní Daonna agus Forbairt na Foirne

Coimisiúnaigh an CSI athbhreithniú ar a riachtanais ó thaobh Acmhainní Daonna in 2007, rud a lean ar aghaidh le hábhair a pléadh sa tuarascaíl tosaigh in 2000.



AN COIMISIÚN SÁBHÁILTEACHTA IARNRÓID TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

Chuir an CSI Cáipéis faoin Straitéis i leith Acmhainní faoi bhráid na Roinne lompair i mí Lúnasa 2007. Ullmháiodh an cháipéis ar iarratas na Roinne chun ár riachtanais ó thaobh foirne a mheas agus chun na bacainní ó thaobh earcaíochta atá ag cur orainn a chur chun suntais.

Earcaíocht

Earcaíodh Príomh-Imscrúdaitheoir an Aonaid um Imscrúdú Teagmhas Iarnróid in 2007. Bhí post eile fós folamh, ceann an chigire. Toisc go raibh próiseas athbhreithnithe ar acmhainní sa siúl againn, níor reáchtáladh aon chomórtas i leith an phoist seo i rith na bliana.

Aistriú Feidhmeanna Riarcháin

D'éirigh le hiarrachtaí iomlán na bhfeidhmeanna riarcháin a aistriú ón Roinn lompair faoi dheireadh 2007, seachas riadaradh an phárolla.

Bainistíocht Rioscái

Tá measúnacht ar rioscái gnó déanta ag an gCoimisiún, lenar aithníodh na bagairtí buntábhachtacha ar cháil na heagraíochta agus ar ár leasa straitéiseacha, oibriúcháin agus airgeadais. Tá clár bainistíochta rioscái curtha isteach mar dhlúthchuid dár bpróiseas pleanála gnó. Leanaímid ar aghaidh le rialuithe bainistíochta rioscá atá ann cheana féin a láidriú, agus rialuithe nua a chur i ngníomh de réir mar is gá.

Dílárnochán

De réir Chlár Dílárnocháin an Rialtais, tá pleán leis an dílárnochán a chur i ngníomh forbartha ag an gCoimisiún

Sábháilteachta larnróid agus tá sé ag féachaint lena thabhairt ar aghaidh. Is é prionsabal lárnach an phlean seo ná a chinntí nach ndeánfar aon dochar ag tráth ar bith do chumas feidhmeach an Choimisiún le maoirseacht éifeachtach ar an tsábháilteachta iarnróid a chinntí. Aithnítear na tascanna seo a leanas laistigh den phlean, ar féidir breathnú air ár suíomh idirlín.

1. Athbhreithniú ar an tagarmharcáil agus ar an soláthar foirne
2. Acmhainní méadaithe a cheadú
3. Earcaíocht don bhunáit a chur i gcrích
4. Comhairliúchán leis na páirtithe sóisialta agus caidreamh oibreachais a réiteach
5. Atheagrú gnó
6. Earcaíocht le haghaidh Chéim 2
7. Scáthfhoghlaím/aistriú eolais
8. Córíocht agus feistiú
9. Athlonnú
10. Athbhreithniú leanúnach

Sceidealadh Tascanna 1, 2 agus 3 le cur i gcrích in 2007, ach níor cuireadh ach tasc 1 i gcrích. Tá Tasc 2 ar siúl go leanúnach; nuair a bheidh sé curtha i gcrích, beifear in ann tú a chur le tasc 3.

Tiomantas don Ghaeilge

Tá an CSI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i ngníomh. Tá ár gcomharthaíocht agus stáiseanóireacht i nGaeilge agus Béarla araon faoi láthair.



Táirgimid ár gcáipéisí oifigiúla, amhail an Tuarascáil Bhliantúil agus an Ráiteas Straitéise, sa dá theanga faoi láthair. Coinnítear cumas Gaeilge ár bhfoirne ar bun ionas go bhféadfar freagairt d'aon fhiosrúchán i mbÉarla nó Gaeilge. Spreagfaimid agus éascaimid le hoiliúint leanúnach teanga ár bhfoirne.

Saoráil Faisnéise

Tá an CSI tiomanta do chultúr oscailte agus do thimpeallacht tréadhearach a choinneáil ar bun agus a forbairt, ina mbíonn faisnéis ar fáil go saoráideach agus ina roinntear taithí agus eolas. Táimid tiomanta do na coinníollacha seo a chothú agus a forbairt, atá bunriachtanach dar linn leis an tsábhálteachta a rialáil go héifeachtach.

Bhí an t-iar-rannán Cigireachta Iarnróid, ár réamhtheachtaí faoi scáth na Roinne lompair, faoi réir ag an Acht um Shaoráil Faisnéise. Táthar ag súil go gcuirfear an Coimisiún san áireamh i measc na n-eagraiochtaí atá faoi rialú an Acharta seo faoi lár 2008. Idir an dá linn, táimid tiomanta do phrionsabail an Acharta seo a chomhlíonadh.

Forbairt Chairmiúil Leanúnach

Bíonn dianriachtanais ag an gCoimisiún ó thaobh eolais, agus cinntear ár gcumas lenár spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach de réir mhianach ár bhfoirne. Tá an fhoghlaim leanúnach ina lár-riachtanas de chuid na heagraíochta, ceann

atá bunriachtanach dúinn leis an gcumas a choinneáil ar bun lenár n-éilimh oibre a chomhlíonadh i dtionscal ina mbíonn cúrsaí ag forbairt agus ag éabhlóidiú de shíor.

Chuireamar páipéir chuig cuid mhaith comhdhálacha in 2007 lenar díríodh ar shábhálteachtaí na n-iarnróid, ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. San áireamh leis seo, bhí an Chomhdháil Idirnáisiúnta um Shábhálteachta Iarnróid i mí Dheiridh Fhómhair, agus ceardlann na GIE a d'óstáil muid i mí na Samhna. Tugadh cuireadh dúinn fosta le hóráidí a thabhairt ag roinnt comhdhálacha eile, ach mar gheall ar ár ndianualach oibre, ní rabhamar in ann glacadh leis.

Cairt Chustaiméiri

Uillmhaíodh an Chairt Chustaiméiri in 2006 agus tá sé ar fáil ar ár suíomh idirlín. Cuirtear síos sa Chairt seo ar an leibhéal seirbhísé gur féidir le custaiméir a bheith ag súil leis ón gCSI. Ní bhfuarthas aon ghearáin maidir le seirbhís do chustaiméiri in 2007

Suíomh Idirlín

Is é ár rún an oiread faisnéise a chur ar fáil agus is féidir maidir le hobair an CSI d'aon pháirtithe leasmhara trínár suíomh idirlín. Déantar an suíomh idirlín a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach le tuarascálacha agus cáipéisí a bhaineann le sábhálteachtaí na n-iarnróid.



Comhairle Chomhairleach Shábháilteachta Iarnróid

Faoi théarmaí an Achta um Shábháilteachta Iarnróid 2005, chuir an tAire lompair an Chomhairle Chomhairleach Shábháilteachta Iarnróid ar bun chun feidhmiú ar son eagraíochtaí agus ghrúpaí éagsúla na bpriompháirtithe leasmhara. Tá an Chomhairle ina comhlacht neamhspleách agus féadfaidh sí moltaí a dhéanamh don Aire nó don CSI maidir le ceisteanna éagsúla ó thaobh na sábháilteachta iarnróid. Féadfaidh an Coimisinéir freastal ar chruinnithe na comhairle i gcáil chomhairleach. Réachtáladh chéad chruinniu na Comhairle i mí Mheithreamh 2007.

Ag Breathnú Amach Romhainn

Chonaiceamar in 2007 gur tháinig an méadú a raibh muid ag súil leis ar ár n-ualach oibre, rud a bhfuilimid ag súil leis leanúint ar aghaidh sa mheántearma. Is é an tosaíocht is tábhacthaí dár gcuid ná ár gcumas, leis an ualach oibre sin a chomhlíonadh, a choinneáil ar bun agus a bhrefsiú. Chuige seo, caithfidh muid acmhainní daonna breise a fháil a mbeidh sé d'inniúlacht acu bonn an eolais, atá bunriachtanach dár n-eagraíocht, a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt don bhonn eolais sin.

Chun iarnród níos sábháilte a bhaint amach, beidh ionchur gach eagraíocht agus duine a dtéann a gcuid oibre agus gníomhaíochtaí i bhfeidhm ar an iarnród, ag teastáil uainn. Leanfaimid ar aghaidh le bheith ag obair leis na priompháirtithe leasmhara seo chun cur chuige compháirtíocha a fhorbairt agus chun tacú leis an gcur chuige sin, agus an neamhspleáchas atá bunriachtanach dár n-obair á choinneáil ar bun againn ag an am céanna.

Féachann an tAontas Eorpach le dea-chleachtais tionscail a chomhchuibhiú laistigh den Chomhphobal Eorpach trí chomhstruchtúr sábháilteachta iarnróid: beidh athruithe ar phróisis agus ar nósanna imeacha náisiúnta ag teastáil chuige seo ar deireadh. Leanfaidh an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid ar aghaidh le bheith ag tacú leis an gcreatlach nua seo a fhorbairt agus le tacaíocht a thabhairt go gcuirfear i ngníomh go réidh éifeachtach é.



Notes

Aguisín 1: Staitisticí Oibriúcháin Iarnród Éireann 2000-2007*

Bliaín	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Foireann	5,439	5,759	6,021	5,833	5,590	5,462	5,114	4933
Km Traenach na bpaisinéirí	12,702,000	12,356,000	12,602,000	12,245,000	11,777,000	13,034,000	14,505,000	16,060,000
Km Traenach lastais	2,730,000	4,133,000	2,895,000	2,705,000	2,710,000	2,060,000	1,126,000	772,000
Km lomlána Traenach	15,432,000	16,489,000	15,497,000	14,950,000	14,487,000	15,094,000	15,631,000	16,332,000
Km Traenach díosail na bpaisinéirí	9,198,000	8,516,000	8,500,000	7,776,000	7,038,000	7,845,000	8,706,000	9,596,000
Km Traenach díosail lastais	2,730,000	4,133,000	2,895,000	2,705,000	2,710,000	2,060,000	1,126,000	772,000
Km lomlána Traenach -gluaisteoírí díosail	11,928,000	12,649,000	11,395,000	10,481,000	9,748,000	9,905,000	9,832,000	10,468,000
Km Traenach cairr iarnróid EMU	1,961,000	2,239,000	2,239,000	2,239,000	2,239,000	2,239,000	2,239,000	2,244,000
Km Traenach cairr iarnróid díosail	1,543,000	1,601,000	1,863,000	2,230,000	2,500,000	2,950,000	3,560,000	4,120,000
Km lomlána Traenach cairr iarnróid	3,504,000	3,840,000	4,102,000	4,469,000	4,739,000	5,189,000	5,799,000	6,365,000
Iomlán Thurais na bPaisinéirí	31,721,000	34,206,000	35,370,000	35,558,000	34,550,000	37,653,000	43,350,000	45,513,000
Paisinéirí - km lomlána ('000)	1,389,138	1,515,303	1,628,410	1,600,615	1,581,698	1,781,400	1,872,067	2,007,065
Fad na línte iarnróid (km)	1,919	1,919	1,919	1,919	1,919	1,919	1,919	1,919

(* Foinse: Iarnród Éireann.)

Nóta: Taispeántar athruithe ar fhigiúir arna bhfoilsíú i dtuarascáil i gcomhair 2006 i gcló trom.

Aguisín 2: Teagmhais agus Cortuithe iarnróid iarnród Éireann 1998-2007

Oibriúcháin agus cothabháil iarnróid: gortuithe marfacha	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Gortú marfach do dhuine de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir ag taistéal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach	-	3	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir ag iaraidh dul isteach nó amach as traein	-	-	1	-	1	-	-	-	-	-
Gortú marfach de bharr tionóisce iarnróid ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	1	-	1	-	-	1
Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh)	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach de shórt eile d'fhostaí ar an iarnród	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-
Gortú marfach ar iarnród nó chrosaire comhréidh lenar tugadh le fios gur foghail ná bás amhrasach a bhí i gceist	6	7	9	11	9	10	11	8	7	5
Oibriúcháin agus cothabháil iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha				2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Gortú do phaisinéir de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh				11	5	-	-	12	-	-
Gortú do phaisinéir ag taistéal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach				60	54	66	70	73	41	35
Gortú do phaisinéir ag iaraidh dul isteach nó amach as traein				65	43	69	65	48	55	50
Gortú do phaisinéir i stáisiún nó do chuaireoir ar áitreabh				81	108	80	86	105	69	84
Gortú d'fhostaí a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach				10	5	12	8	4	15	8
Gortú d'fhostaí agus iad ag obair ar iarnród				118	104	109	118	100	69	81
Gortú d'fhostaí ag crosaire comhréidh				3	1	2	-	1	2	1
Duine gortaite i dtionsóic iarnróid ag crosaire comhréidh				3	1	-	-	-	-	1
Gortú paisinéara i dtionsóic iarnróid ag crosaire comhréidh				-	-	-	1	-	-	-
Úsáideoir crosaire chomhréidh gortaithe				2	3	-	3	4	-	1
Gortú do dhuine eile				2	4	6	6	3	5	1
Teagmhais traenach	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Traein phaisinéirí nó traein earraí ar bith a cuireadh de ráillí ar líne reatha	3	3	1	1	1	4	-	2	3	1
Traein eile a cuireadh de na ráillí ar líne reatha	1	-	2	1	-	1	-	2	3	2
Imbhualadh traenach le traein phaisinéirí nó traein earraí ar bith ar líne reatha	-	2	-	1	-	1	-	1	1	-
Imbhualadh traenach le stad maolán (traein phaisinéirí i mbun seirbhise ar líne reatha)	-	1	-	2	1	-	-	-	-	-
Imbhualadh eile idir traenacha ar líne reatha	-	-	1	-	-	1	-	-	-	-
Imbhualadh traenach le feithicil mhótair ag crosaire comhréidh	3	6	3	2	4	-	2	2	1	4
Imbhualadh traenach le geataí faoi fhreastal ag crosaire comhréidh	2	4	5	4	3	2	3	-	2	2
Imbhualadh traenach le feithicil a bhí ag bacadh na líneach (ní ag crosaire comhréidh)	-	-	3	-	2	2	-	-	-	-
Imbhualadh traenach le hainmhí/ainmhithe	52	46	26	32	32	43	40	42	43	42
Imbhualadh traenach le constaic eile ar an líne	6	3	1	2	2	3	1	-	7	9
Teagmhais rothstoic	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Tine nó deatach ar ghluaisteoirí nó rothstoc eile	3	6	6	7	11	8	9	4	13	27
Carráistí traenach a d'imigh óna chéile agus an traein ag rith	8	5	-	-	2	1	-	3	-	-
Teagmhas maidir le doras rothstoic	-	-	2	-	4	3	-	-	1	11
Teagmhais ar bhealaí buana & maidir leis an mbonneagar	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Ráille ar líne phaisinéirí scoilte ó bhun go barr	6	12	3	3	5	3	1	6	4	-
Bhuail feithicil bhóthair droichead faoin iarnród	88	100	106	79	99	137	123	203	194	140
Bhuail feithicil bhóthair uchtbhalla droichid os cionn an iarnróid	9	9	13	3	4	6	13	12	23	40
Traein dulta thar phríomhchomhartha (reatha) contúirte sa chás gur tugadh rabhadh in am	20	19	23	29	22	32	27	36	25	22

Nóta: Taispeántar athruithe ar fhigiúir arna bhfoilsíú i dtuarascáil i gcomhair 2006 i gcló trom.

Aguisín 3: Staitisticí maidir le Tionóisci & Teagmhas

Lónra Iarnród Éireann 1998-2007

Réamhrá

Tá na staitisticí tionóiscí agus teagmhas atá curtha san áireamh anseo chun críocha leibhéal ginearálta na sábháilteachta, agus na treocheáit maidir le sábháilteachta ar lónra iarnród na hÉireann, a thabhairt le fios.

Tá na staitisticí bunaithe ar fhaisnéis arna tuairisciú don Choimisiún Sábháilteachta Iarnród (CSI) ag Iarnród Éireann (IE) don lónra náisiúnta iarnród throm de réir cheanglais tuairisceoirreachta an CSI. Go ginearálta, taispeántar staitisticí na mbásanna agus na dteagmhas le deich mbliana anuas de sheirbhís, agus taispeántar sonraí difréalite i gcomhair gortuithe i gcomhair na mblianta 2001-2007.

Úsáidtear na rangúcháin seo a leanas:

- Is éard is tionóisc traenach ann ná imbhualadh, traein a chuirtear de na ráillí nó tine a bhfuil traein i gceist léi;
- Is éard is imbhualadh traenach ann ná imbhualadh idir traenacha, nó idir traein agus feithicil, rud nó ainmhí;
- Is éard is tionóisc iarnród ann ná tionóisc traenach nó tionóisc a thagann de thoradh traenacha a bheith ag gluaiseacht, amhail duine arna ghortú ag traein;
- Tá aon duine a théann isteach i, amach as nó a thaistealaíonn ar thraein san áireamh le paisinéir;
- Tá gach conraitheoir a oibríonn ar an iarnród san áireamh le foireann an iarnróid;
- Bíonn gortuithe d'fhostaithe agus do chonraitheoirí a fhágann go gcailleann siad lá iomlán amháin óna gcuid gnáthoibre, intuairiscithe;
- Bíonn gach gortú do thríú páirtí intuairiscithe;
- Bíonn imbhualtí le feithicí mótarí san áireamh le tionóiscí iarnróid ag crosairí comhréidhe.


Níor cheart na huimhreacha a luaitear a mheas mar léiriú iomlán ar gach staitistic sábháilteachta ar na hiarnróid in Éirinn.

Féadfaidh staitisticí i dtuarascálacha amach anseo athrú mar gheall go ndéanfar sainmhínithe a athailíniú go mbeidh siad ar aon dul le rialacháin Eorpacha.

Oibriúcháin agus Cothabhal Iarnród: Básanna agus Gortuithe


Tagraíonn an tuarascáil seo do bhásanna agus ghortuithe do dhaoine de thoradh oibríochtaí iarnród agus chothabháil an iarnróid. Ní thugann sé aghaidh, mar shampla, ar bhásanna nó ghortuithe a tharlaíonn i gceardlanna cothabhála seachas iad sin a bhfuil gluaiseacht traenacha i gceist leo. Tá gortuithe do dhaoine i stáisiúin traenach curtha san áireamh.

Ar mhaithé le bheith soiléir, ní thugtar le fios sna cairteanna ach amháin na básanna sin a bhaineann le gluaiseachtaí feithicí iarnróid. Ní chuirtear básanna eile ar thraenacha nó ar áitribh nó ar an iarnród san áireamh.



Figíúr 6: Gortuithe marfacha do phaisinéirí a bhí ag taistéal, seachas ag crosairí comhréidhe

Tugtar na básanna do phaisinéirí le fios i bhFigíúr 6. Is rí-annamh a tharla siad seo le blianta beaga anuas. Ba é 1991 an uair dheiridh go bhfuair paisinéir bás de bharr tionóisce traenach. Bhí 3 hócaíd ann go bhfuair duine bás ó 1996-2007 nuair a thit paisinéir ó thraein a bhí ag gluaiseacht, agus 2 huair go bhfuair duine bás nuair a rinne siad iarracht dul isteach i dtraein a bhí ag gluaiseacht.



Figiúr 7: Básanna ag crosairí comhréidhe nó d'fhostaithe


Taispeánann Figiúr 7 básanna ag crosairí comhréidhe, agus básanna d'fhostaithe de bharr traenacha a bheith ag gluaiseacht

Thart faoi uair amháin gach 3 bliana a mharaítear úsáideoir crosaire comhréidhe de thimpiste ar iarnróid na hÉireann. Tugann seo le fios gurb é ráta na mbásanna ag crosairí comhréidhe ná bás amháin i ngach 50 milliún km traenach, rud atá íseal go maith i gcomparáid le tiortha eile san Aontas Eorpach.

Maraíodh coisí ar LC Choill an Easpaig ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh: tá an Cróinéir le cúinsí an bháis seo a scrúdú.

Ba in 1996 a tharla an cás deireanach inar maraíodh fostai a bhí ag oibriú na ngeataí ag crosaire comhréidh. Fuair fostai bás in 2001 agus traenacha á seachródú aige. Bhásáigh fostai eile in 2002 freisin agus crainn á leagan aige, cé nár tharla an tionóisc seo de bharr traenacha a bheith ag gluaiseacht.


San áireamh le tionscnaimh lenar laghdaíodh riosca bhásanna na ngeatóirí tá feabhsúcháin ar thaobhlínte; iarrachtaí le hoiliúint a chur ar thiománaithe chun an riosca go rachfar thar chomharthaí contúirte agus go mbuailfear geataí a laghdú; uaireanta rialálaithe oibre do gheatóirí agus laghdú ar líon na gcrosairí comhréidhe le foireann trí chianmhonatóireacht agus uathoibriú bacainní a úsáid. Tugadh aghaidh ar an riosca don fhoireann agus traenacha á seachródú acu trí oiliúint fheabhsaithe, agus laghdú ar líon na bhfeithicíl paisinéirí atá i mbun oibriúcháin ar gá cabhair a thabhairt de láimh lena gcúpláil/ndíchúpláil.



Figiúr 8: Básanna de bharr foghla nó i gcúinsí amhrasacha


Tugtar ráta na mbásanna ar an iarnród de bharr foghla nó i gcás go raibh leid éigin ann go ndearnadh foghail nó go raibh cúinsí amhrasacha i gceist, le fios i bhFigiúr 8. Bhí feabhsú suntasach anseo ó 2004.

AN COIMISIÚN SÁBHÁILTEACHTA IARNRÓID TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007



Figiúr 9: Gortuithe do phaisinéirí


Tugtar gortuithe tuairiscithe do phaisinéirí agus do chuairteoirí ó 2001 le fios i bhFigír 9: bhí titim shuntasach ar líon na ngortuithe den chineál seo a tuairisciódh in 2006 agus coinníodh an leibhéal seo ar bun in 2007. Is annamh a tharlaíonn tionóiscí traenach agus bionn torthaí éagsúla orthu ó thaobh na ngortuithe: baineann gortuithe de bharr teagmhas den sórt seo a taifeadadh ó 2001 le himbhuailtí ar luas íseal i stáisiún go ginearálta. Taispeántar gortuithe tuairiscithe do phaisinéirí a bhí ag taisteal, cibé ar tharla an gortú de bharr gluaiseacht na traenach nó nár tharla. Is féidir le gortuithe tarlú de bharr leachtanna teo, tinnis nó mí-iompair daoine eile freisin. Tarlaíonn gortuithe agus daoine ag dul isteach nó amach as traenacha go ginearálta de bharr guaiseacha maidir le daoine a bheith ag sciorradh nó ag tuisiú, mar gheall ar an mbearna idir an t-ardán agus an traein nó doirse á ndúnadh. Tarlaíonn gortuithe i stáisiún agus áitribh go ginearálta de bharr daoine a scíorr nó a thuisligh ar an leibhéal, ag titim ar staighre agus staighre beo nó mí-iompair.



Figiúr 10: Gortuithe d'fhostaithe, seachas i gceardlanna nó ag croaire comhréidh

Tugtar gortuithe d'fhostaithe de thoradh oibriúchán iarnróid agus chothabháil an iarnróid a d'fhág gur cailleadh am, le fios i bhFigír 10. Caitear le gortuithe d'fhostaithe ag croairí comhréidhe astu féin. Ní chuirtear gortuithe d'fhostaithe a tharlaíonn i gceardlanna cothabhála, seachas iad siúd ar léir go raibh traenacha a bhí ag gluaiseacht i gceist leo, san áireamh sa tuarascáil seo.


Bhí titim shuntasach i líon na ngortuithe tuairiscithe d'fhostaithe ó 2004, agus faoi láthair, baineann thart faoi 10% de ghortuithe d'fhostaithe le traenacha a bheith ag gluaiseacht. Bionn cuid mhaith gortuithe d'fhostaithe inchurtha i leith daoine a scíorr nó a thit, a bhí ag obair ar thraenacha a bhí ina stad, ag dul isteach nó amach as traenacha, gníomhaíocht chothabhála ar rianta nó mí-iompair daoine eile (amhail ionsáí, snáthaidí a fágadh ar an talamh agus iarrachtaí féinghortaithe).



Figiúr 11: Gortuithe ag crosairí comhréidhe

Tugtar gortuithe tuairiscithe a tharla ag crosairí comhréidhe ó 2001 le fios i bhFigiúr 11. Go ginearálta, tarlaíonn gortuithe d'fhostaithe, a fhágann gur chaill siad am oibre, de bharr iad a bheith ag láimhseáil na ngeataí nó toisc gur sciorr siad ar an dromchla. D'fhéadfadh tiománaithe traenach gortú indíreach a fháil de bharr tionóiscí ag crosairí comhréidhe.

Is éard atá i gceist leis na tionóiscí traenach ná imbhuaillí traenach le geataí faoi fhreastail nó cairr nó daoine. Bíonn gortuithe d'úsáideoirí de bharr fadhbanna le dromchla an chrosaire nó bacainní uathoibrithe a bheith ag titim anuas. Gortaíodh fear go dona nuair a bhual train Bhaile Átha Cliath do na bruachbhailte é ag crosaire comhréidhe CCTV Claremont. Gortaíodh tiománaí veain nuair a bhual traein faoina fheithicil ag crosaire comhréidh Garraun ar líne na Gaillimhe.




Figiúr 12: Gortuithe do dhaoine eile

Tugtar gortuithe do dhaoine eile ó 2001 le fios i bhFigiúr 12, a bhí inchurtha, i gcoitinne, i leith foghlá ar an iarnród nó daoine a thit ó aird anuas ar an iarnród.

Teagmhais a bhain le Traenacha

Tá teagmhais a raibh feithicí iarnróid ar línte reatha san áireamh le teagmhais traenach, faoi mar a thuairiscítear thíos, ach tá teagmhais i dtaoibhlaigh agus clóis stórála fágtha amach. Tá traenacha agus innill a cuireadh de na ráillí san áireamh, chomh maith le imbhuaillí idir traenacha nó innill, imbhuaillí le stadanna maoláin, imbhuaillí ag crosairí comhréidhe agus imbhuaillí le constaící ar an líne.


AN COIMISIÚN SÁBHÁILTEACHTA IARNRÓID TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007



Figiúr 13: Traenacha a cuireadh de na ráillí ar líntí reatha


Tugtar le fios i bhFigiúr 13 na traenacha agus innill a cuireadh de na ráillí ar líntí reatha, ina dtugtar treocht ginearálta anuas le fios. Níor cuireadh aon traein a bhí i mbun seirbhíse nó aon traein earraí de na ráillí in 2007.

Cuireadh trí thraein eile de na ráillí ar líntí reatha. Chuaigh traein de stoc cóitseála folamh thar chomhartha contúirte ag Heuston agus cuireadh de na ráillí ag gabháil Dhroichead na hInse í; cuireadh gluaisteoir de na ráillí ag stáisiún Ros Cré, agus gortaíodh fostai nuair a thit sé ó fheithicil oibreacha a cuireadh de na ráillí idir an Ráth agus Mala agus í i seilbh innealtóra. Lena chois sin, cuireadh cúig thraein de na ráillí agus iad i dtaobhlaigh agus cuireadh as don líne reatha dá bharr.




Figiúr 14: Imbhualaití traenach le traenacha nó stadanna maolán

Tugtar imbhualaití idir traenacha agus innill ar líntí reatha le fios i bhFigiúr 14, agus coinníodh treocht ginearálta an laghdaithe ar bun. Bhí imbhualadh amháin idir traein de charráistí paisinéirí nach raibh i mbun seirbhíse le stad maolán ag stáisiún na Gaillimhe in 2007. Dhearbhaigh IÉ nach raibh aon ghortuithe ann de bharr an teagmhais seo agus níor cuireadh an traein de na ráillí ná ní dhearnadh aon damáiste suntasach di.



Figír 15: Imbhualtí traenach ag crosairí comhréidhe

Tugtar imbhualtí le feithicíl mótaír nó geataí ag crosairí comhréidhe ar línte reatha le fios i bhFigír 15. Bhuaile traein, a raibh an-luas fúithi, faoi veain ag crosaire comhréidhe 'le soilse agus cloigíni' Garraun ar líne na Gaillimhe, agus níor bhain ach mionghortuithe don tiománaí. Bhuaile traein carr ag crosaire comhréidh uathoibríoch leathbhacainne na Gráinsí freisin, agus d'éalaigh a raibh istigh ann gan ghortuithe. Rinneadh an-dochar ar fad don fheithicil bhóthair sa dá chás. Níor tuairiscíodh aon damáiste de thoradh imbhualte a tharla agus luas íseal i gceist idir traein agus veain ag Cé Loch Garman. Bhuaile ilaonad díosail faoi thruail agus leantóir feirme ag Béal Átha Gabhann, rud nár fhág aon ghortuithe, ach rinneadh an-dochar ar fad do na feithicíl bóthair agus iarnróid.




Figír 16: Imbhualtí traenach le hainmhithe nó le constaicí eile ar an líne

Tugtar imbhualtí ar línte reatha le feithicíl mótaír nach raibh ag crosairí comhréidhe, le hainmhithe ar an líne agus le constaicí eile le fios i bhFigír 16. D'fhéadfadh an méadú ar na tuairisci faoi chonstaicí a buaileadh in 2007 a bheith mar gheall ar fheabhsú ar an tuairisceoiréacht. Bhuaile traeacha faoi bholláin in aice leis an Inbhear Mór agus in aice le Clóirtheach, buaileadh sé bharacáid ag suímh éagsúla, buaileadh tralaí buanbhealaigh ag droichead na Life in aice le gabháil Dhroichead na hInse, buaileadh clá a bhí tite anuas ag Baile Uí Bhroíthe agus buaileadh spól cábla ag Esk Thuaidh.

I gcás na n-imbhualtí le hainmhithe, ba léir go raibh treocht ghinearálta ann go raibh minicíocht na gcás ag dul i laghad go dtí 2000, rud a bhí inchurtha, den chuid is mó, i leith feabhsuite ar na claíocha taobh le línte agus ar chrosairí comhréidhe. Tá minicíocht na n-imbhualtí le hainmhithe ag dul i méad ó shin, agus bhí fianna fiáine le feiceáil sna tuairisci ó 2003. In 2007, taifeadadh sé chás inar buaileadh fianna fiáine agus naoi gcás ina buaileadh madraí, agus is beostoc a bhí i gceist leis na cáis eile inar buaileadh ainmhithe.

AN COIMISIÚN SÁBHÁILTEACHTA IARNRÓID TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007



Figiúr 17: Teagmhais a bhain le Rothstoc

Tugtar teagmhais a bhain le rothstoc le fios i bhFigiúr 17, ina dtugtar treocht ardaitheach leanúnach le fios le haghaidh teagmhas tine agus deataigh i rothstoc. Bhí 27 dteagmhas tuairiscithe ann in 2007, ar tharla ceann amháin de thoradh deataigh ó choscaí, ar bhain 2 cheann dáibh le deatach as scagairí meisíní aeróiriúnúcháin agus ar aicmíodh 23 dáibh mar thinte. Bhain ceithre chinn déag de na teagmhais seo le hinnill charr iarnróid. Chomhairligh Iarnród Éireann don CSI go bhfuil bunathruithe déanta dá thoradh mar iarracht chun minicíocht teagmhas den sórt sin a laghdú. Tá an CSI ag déanamh monatóireachta ar an scéal.

Bhí aon tuairisc déag ann faoi dhoirse traenacha a bheith á n-oscailt agus na traenacha ag rith. Méadú mór is ea é seo ar thuairiscí den sórt seo. Dearbhaíodh don CSI go ndearna Iarnród Éireann imscrúdú inmheánach ar gach ceann de na teagmhais seo, agus tá sceideal táirgthe de na gníomhartha ceartúcháin atá riachtanach.


Teagmhais a bhain leis an mBonneagar iarnróid

San áireamh leis na teagmhais a bhain le bonneagar iarnróid a thuairiscítear thíos, tá ráillí briste ar iarnród paisinéirí, droichid os cionn agus faoi bhun an iarnróid a bheith á mbualadh ag feithicíl bóthair, agus cáis ina ndeachaigh traenacha thar chomharthaí reatha contúirte.

Lena chois sin, ba chóir a thabhairt faoi deara gur chás thábhachtacha dhá cheann den cheithre mhaidhm talún a tuairiscíodh i gcomhair 2007, agus gurbh éigean cuid den iarnród a dhúnadh dá mbarr.

Chlis ar thaobh cláifoirt ardaithe in aice le Maigh Nulla, rud lenar baineadh an bonn den iarnród nach mór. Bhí obair ar siúl cheana féin chun an cláifort ard, géar seo a atreisiú: is cosúil gur fágadh an fhána míshocair mar gheall ar mheascán cúinsí – chuir gléasra soghluaiste isteach ar an mbonn agus bhí báisteach throm ann. Bhí srianadh le luas i bhfeidhm cheana féin, 25m.s.u., nuair a tharla sé. Dúnadh an t-iarnróid ar feadh naoi lá.

Loic fána gearrthóige ag taobh na Cabrach de thollán Pháirc an Fhionnuisce de thoradh uisce draenála a bheith á phumpáil amach as láithreán tógála ag tríu páirtí, rud a bhí ina bhac ar an líne anuas uaidh ar fad. Bhuaile traein lastais, a bhí ag taisteal ar an líne anfós, crainnte a tháinig leis an maidhm talún, ach níor cuireadh an traein de na ráillí. Dúnadh an líne seo, nach n-úsáideann traenacha paisinéirí de ghnáth, ar feadh seacht n-uair a chloig.




Figiúr 18: Ráillí briste ar Línte Reatha

Tugtar líon na ráillí briste ar línte reatha ar an iarnród paisinéirí le fios i bhFigíúr 18. Sainmhínítear ráillí briste mar theipeanna nuair a scolteadh an ráille ó bhun go barr. Teipeanna is ea ráillí scoilte ina raibh scoilt mhór infheicthe ar taispeáint nó inar briseadh píosa den ráille agus fágadh scoilte ón ráille é.

Tá laghdú an-mhór tagtha ar líon na ráillí briste agus scoilte le blianta beaga anuas, de bharr, is cosúil, gur baineadh seanráillí amach as an gcóras iarnróid phaisinéirí. Cuireadh dlús le feachtas athnuaithe na rianta tar éis do thraein phaisinéirí a bheith curtha de na ráillí ag ráille briste ag Cnoc an Chrocháire in 1997, lenar gortaíodh 16 phaisinéir.

Tuairiscíodh aon ráille bhriste amháin agus aon ráille scoilte amháin ar línte paisinéirí i gcomhair 2007, agus is ag pointí a tharla an dá cheann. Tuairiscíodh aon ráille chamtha amháin lena chois sin ar líne reatha paisinéirí i gcomhair 2007.




Figiúr 19: Droichid á mbualadh ag feithicí bóthair

Tugtar teagmhais tráchta bóthair inar bhual feithicil droichead os cionn nó faoi bhun an iarnróid le fios i bhFigíúr 19. Is annamh nach feithicil throm a bhíonn i gceist leis na teagmhais seo. Dúblaíodh líon na dteagmhas inar buaileadh droichid, idir 1998 agus 2005, atá tá leideanna soiléireanois ann go bhfuil sin ag feabhsú.

Tarlaíonn formhór mór na dteagmhas de bharr feithicil a bheith ag bualadh droichid iarnróid sa chás go dtéann airde na feithicle thar an airde a thaispeántar le dul faoin droichead. Is é an buaireamh atá i gceist anseo ná go bhféadfaí cur isteach ar ailíní an iarnróid má tharlaíonn cás tromchúiseach, rud a d'fhágfadh an riosca go gcuirfi traein de na ráillí. Thaifead lárnród Éireann 140 cás inar buaileadh droichid faoin iarnróid in 2007, ar cuireadh síos ar 8 gceann diobh mar chinn a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach, agus ar cheann amháin mar cheann thromchúiseach. Feabhsú suntasach is ea é seo i gcomparáid leis an mbliaín roimhe.

Is go réasúnta annamh a tharla cáis inar bhual feithicí bóthair uchtbhallaí na ndroichead bóthair, ach tugann figiúir a fuarthas le déanaí le fios go bhfuil an riosca ag dul i méad maidir leis na hoibríochtaí iarnróid a bheith i mbaol de bharr feithicí, ualaí agus smionagair a bheith ag titim. Tá an t-ardú géar ar theagmhais den sórt sin ina údar buairimh. As measc an 40 teagmhais a tairfeadadh i gcomhair 2007, cuireadh síos ar 7 gceann mar chinn a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach, agus ar sé cheann mar chinn thromchúiseacha.

AN COIMISIÚN SÁBHÁILTEACHTA IARNRÓID TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007



Figiúr 20: Traein Dulta Thar Chomharthaí Contúirte ar Línte Reatha

Tugtar líon na gcomharthaí reatha contúirte iarnróid a ndeachaigh traenacha tharstu (SPADs) le fios i bhFigiúr 20. D'fhéadfadh cuid den treocht aníos a bheith mar gheall ar mhéadú ar an trácht iarnróid agus ar fheabhas a bheith tagtha ar bhrathadóireacht sáruithe sa chás go raibh an córas comharthaíochta nuachóirithe. Tuairiscítear laghdú ar theagmhais i gcomhair 2006 agus 2007 áfach, rud a d'fhéadfadh a bheith inchurtha i leith na tiomána cosantáig agus feabhas ar dhearcadh na gcomharthaí agus ar fhaid choscánúcháin. Le cois an 22 chomhartha reatha contúirte a ndeachthas tharstu, bhí ocht gcomhartha seachródúcháin contúirte a ndeachthas tharstu: as measc an 30 teagmhas seo, cuireadh síos ar chuig chinn mar chinn shuntasacha. Lena chois sin, bhí 16 SPADEanna 'teicniúla' ann sa chás gur taispeánadh an comhartha ró-dhéanach go mbeadh an tiománaí in ann gníomhú go éifeachtach.

Tugann an líne bhándearg ráta foriomlán reatha na SPADs le fios, trí cháis inar bhual traenacha agus innill bacainní geataí faoi fhreastal a chur san áireamh chomh maith le cáis ina mbuaileann traenacha paisinéiri, atá i mbun seirbhíse, stadanna maoláin

Aguisín Ceaduithe arna ndeonú ag an gCSI in 2007

		Céim an Tionscadail			
		Dearadh Tosaigh	Dearadh Mionsonraithe	Feidhmiú	
Tionscadail Bhonneagair					
Stáisiún Bhaile Adam				✓	
Droichid Sealadach Coisthe Bhaile Uí Bhróithe			✓		
Stáisiún Clongriffin (Bóthar na Gráinsí Thuaidh)			✓		
Tardhroichead Chluain Mhaighneann, Port Laoise				✓	
Stáisiún na nDugthailte				✓	
Iarnród Comaitéirí (M3) Dhún Búinne		✓			
Tionscadal do Bhealach Chill Dara			✓		
Malairt Slí d'Iarnród Chill Cheannaigh			✓	✓	
Staid Bhóthar Lansdún		✓	✓		
Tionscadal le foireann a bhaint ó Chrosaire Comhréidh				✓	
Uasghrádú ar líne Luimnigh/na Gaillimhe		✓			
Athdhearadh ar chomharthaíocht Ghabháil Luimnigh		✓	✓		
Líne B1 an LUAS		✓			
Líne C1 an LUAS		✓			
Athailíniú and LUAS chun nascadh le hAcomhal an M50/N7		✓			
Athdhearadh ar chomharthaíocht Líne Mhaigh Eo			✓	✓	
Seachbhóthar, tardhroichead Dhromad/Rúscáigh an N4		✓	✓	✓	
Seachbhóthar, tardhroichead An Chathair/Baile Mhistéala an N8			✓		
Tardhroichead N9/N10 ag Clonmelsh			✓		
Seachbhóthar An tInnbhearr/Guaire an N1, 2 thardhroichead		✓	✓	✓	
N25 Phort Láirge agus Ghleann na Siúire, tardhroichead iarnróid			✓		
N51/52 Líne na hUaimhe, 2 thardhroichead			✓		
Ceanncheathrú an Gharda Síochána/Oifig Oibreacha Poiblí			✓		
Stáisiún Parkwest			✓		
Íosbhealach Stáisiún na bPiarsach			✓		
Leathnú Dhroichead Phort Mearnóg		✓			
Leathnú ar iosta na Bó Deirge				✓	
Athdhearadh ar chomharthaíocht Ros Láir		✓			
Uasghrádú ar Dhroichead na Sionna, Baile Átha Luain		✓	✓	✓	
Bóthar faoisimh Chaladh & Bhaile Chill Mhantáin, 2 thardhroichead			✓		
Céim an Tionscadail					
		Dearadh Tosaigh	Dearadh Mionsonraithe	Tástáil & Coimisiúnú	Seirbhís do Phaisinéirí
Tionscadail maidir le Rothstoc do Phaisinéirí	Coincheap	Tosaigh	Mionsonraithe	Coimisiúnú	Phaisinéirí
Hibrid DMU 2600/2700 Iarnród Éireann					✓
8100 Athchóiriú Dart Iarnród Éireann					✓
Cairr Iarnród Idirchathrach 22000 Iarnród Éireann					✓
Síneadh LUAS 301	✓	✓	✓	✓	✓
LUAS 402eanna	✓	✓			